

Scéim le Sraith Drámaíochta do Dhaoine Óga a fhorbairt

(A bheith dírithe ar an aoisghrúpa 8+ ach a bheidh tarraingteach don teaghlach.)

Glaoch ar Iarratais

Spríodhata: Dé hAoine, an 16ú Lúnasa, 2019 ag 3pm. Cinntí le fógairt an 2ú Meán Fómhair 2019.

Scéim í seo atá bunaithe ag **TG4**, an Ciste **WRAP**, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Fís Éireann chun forbairt a dhéanamh ar shraith drámaíochta i nGaeilge do Dhaoine Óga, arna scríobh agus arna léiriú ag scríbhneoirí/comhlachtaí a bhfuil ardsceileanna cruthaitheacha acu.

Tá sé mar aidhm ag an *Scéim Forbartha Drámaíochta do Dhaoine Óga* sraith a fhorbairt ina mbeidh **drámaíocht/scéalaíocht láidir, samhlaíocht fhísiúil agus chun luachanna arda léiriúcháin a spreagadh**. Cliar óg go príomha a bheidh le feiceáil sa tsraith, ach is gá cinntiú go bhfuil carachtair fhásta, tharraingteacha á bhforbairt chun lucht féachana leathan teaghlach a mhealladh. Caithfear a léiriú san iarratas gur sraith drámaíochta í a bheadh tarraingteach do Chroí Lucht Féachana TG4 agus lucht féachana in Éirinn. Samplaí de shaothair a mbíonn tóir ag an aoisghrúpa seo orthu is ea: 'Aifric', 'The Middle' & 'Malcolm in the Middle'. Beidh buiséad suas le €1.2 milliún ag na tionscnaimh a léireofar agus a chraolfar ar TG4.

Tá trí chéim sa scéim

- (i) Iarratas tosaigh (istigh ag TG4 @ 16ú Lúnasa, 2019)
- (ii) Céim na forbartha i gcás 3 thogra ón 2ú Meán Fómhair go dtí an 23ú Deireadh Fómhair 2019)
- (iii) Céim an léiriúcháin. (Togra amháin le roghnú ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair do bhabhta 34 BAI, Fís agus Fuaim an 7ú Samhain, 2019)

Tar éis iarratais a fháil, roghnóidh painéal de mheasúnóirí ó TG4, Ciste Wrap, BAI & Fís Éireann trí thionscnamh (ar a mhéad) le forbairt. Tabharfar maoiniú do na comhlachtaí a roghnaítear chun na tionscnaimh a fhorbairt agus cuirfear buiséad suas le €25,000 (cómhainithe ag TG4, Ciste Wrap, BAI & Fís Éireann) ar fáil do gach tionscnamh. Ag deireadh na tréimhse forbartha, roghnóidh TG4, Ciste Wrap, BAI agus Fís Éireann ceann de na tionscnaimh agus cuirfear iarratas ar thacaíocht ina leith sin chun cinn chuig an gcéad bhabhta cuí eile den chiste *Fís agus Fuaim* de chuid an BAI agus é mar aidhm é a léiriú mar shraith drámaíochta do dhaoine óga.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an scéim oscailte do chomhlachtaí closamhairc a bunaíodh in Iarthar na hÉireann (réigiúin WRAP nó atá i mbun comhforbartha le comhlachtaí closamhairc in Iarthar na tíre), a bhfuil taithí chúí acu agus atá in ann a chruthú go bhfuil cearta soiléire acu ar gach cuid den ábhar atáthar a fhorbairt don léiriúchán.

Tabharfar tosaíocht do chomhlachtaí léiriúcháin:

- a bhfuil polasaí soiléir acu an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga oibre léiriúcháin
- a bhfuil sé den tábhacht acu cothromaíocht inscne a bhaint amach ar an bhfoireann cruthaitheach a roghnaíonn siad agus
- do chomhlachtaí a léiríonn tuiscint faoi leith ar riachtanais an aoisghrúpa seo.

Na critéir cháilitheachta

- Is scéim í seo chun sraith drámaíochta (6 nó 8 mír x 25" nó m.sh. 12 x 15') a fhorbairt.
- An script a bheith scríofa i nGaeilge
- Ní mór don tsraith ina hiomláine a bheith i nGaeilge agus go mbeadh teanga na gcarachtar inchreidte i gcomhthéacs na sraithe.
- Ní ceadmhach don léiritheoir a bheith ina stiúrthóir freisin ar an tionscnamh.
- Moltar ábhar comhaimseartha a thugann léiriú ar an saol in Éirinn sa lá atá inniu ann.
- Téamaí a thrasnóidh lucht féachana leathan (gan a bheith ró- 'niche'.)
- Aisteoirí óga a thabhairt chun cinn.
- Níl aon srian ar stíl scéalaíochta, ar ábhar, ná ar ghnéithe eile den script/scéal, ach caithfidh na tionscnaimh a bheith ag teacht le téamaí na scéime *Fuaim agus Fís* de chuid an BAI chun maoiniú léiriúcháin a thuilleamh.
- Níor cheart do na buiséid léiriúcháin i leith gach tionscnaimh dul thar €1,200,000 agus tiocfaidh an maoiniú ó TG4, Fís Éirinn, BAI & An Ciste Wrap (má éiríonn leis na hiarratais tacaíocht a fháil faoin scéim *Fuaim agus Fís, Fís Éireann agus a bheith in oiriúint don Ciste Wrap*) agus faoi scéim Alt 481. Níor cheart aon mhaoiniú breise a lorg ó thríú páirtí.

An tslí le hiarratas a dhéanamh

- ***Dé hAoine, 16ú Lúnasa 2019 ag 3pm*** an sprioc deiridh le hiarratas a dhéanamh. *Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh mall, nó easnamhach agus caithfidh na comhlachtaí féin a chinntiú gur seachadadh na hiarratais in am.*
- Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach, i nGaeilge trí chóras leictreonach coimisiúnaithe TG4. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <http://update.tg4.ie/ecommm/login.php> , agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am, tríd an nasc, 'Scéim Forbartha - Sraith drámaíochta do dhaoine óga', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch.
- Má bhíonn aon cheist agat maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir ríomhphost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie
- Gheobhaidh tograí scéala an 29ú Iúil má d'éirigh leo.

Riachtanais an Iarratais

- Ceannlíne (suas le 25 focal) agus Achoimre Ghairid (suas le leath-leathanach A4)
- Achoimre/Imlíne do 3 chlár (uasmhéid 6-10 leathanach)
- Story Arc, Bíobla Scéil & Bíobla carachtar
- Nótaí cruthaitheacha an Stiúrthóra faoin tionscnamh (uasmhéid leathanach amháin)
- Nótaí an Léiritheora faoin tionscnamh (uasmhéid 1 leathanach)
- Sonraí maidir leis an gcroí-fhoireann chruthaitheach - léiritheoir, scríbhneoir, stiúrthóir (uasmhéid 1 leathanach, uile le chéile)
- Buiséad don fhorbairt (uasmhéid 1 leathanach)
- Fianaise go bhfuil uinéireacht ag an gcomhlacht ar chearta.

Ba cheart na míreanna seo uile a bheith le chéile in aon cháipéis shoiléir pdf amháin agus í a uaslódáil chuig córas coimisiúnaithe TG4 mar a mhínítear thuas.

Tuilleadh eolais

Beidh feidhmeannaigh de chuid TG4 ar fáil roimh an spriocdháta do chruinnithe gairide. Le cruinniú a shocrú, nó má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den scéim seo, cuir r-phost chuig Siobhán Ní Bhrádaigh siobhan.ni.bhradaigh@tg4.ie nó, Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach faisnéis a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis gur faisnéis íogair í a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangal – ceangal conartha ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníomhaithe ag TG4 nó thar a cheann.